PUBLIC

**COMHAIRLE**
**AN tAONTAS EORPACH**

**An Bhruiséil, 28 Feabhra 2025**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2012/0230 (NLE)**

**10505/13**

**LIMITE**

**TRANS 301**
**MAR 69**
**AVIATION 74**
**ESPACE 42**
**RELEX 484**
**CH 25**
**AELE 34**

**GNÍOMHARTHA DLÍTHIÚLA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| ÁBHAR: | COMHAONTÚ idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir leis na cláir Eorpacha um loingseoireacht satailíte |

AISTRIÚCHÁIN

PUBLIC

# COMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS A BHALLSTÁIT, DE PHÁIRT, AGUS CÓNAIDHM NA hEILVÉISE, DEN PHÁIRT EILE, MAIDIR LEIS NA CLÁIR EORPACHA UM LOINGSEOIREACHT SATAILÍTE

TÁ AN tAONTAS EORPACH

agus

RÍOCHT NA BEILGE,

POBLACHT NA BULGÁIRE,

POBLACHT NA SEICE,

RÍOCHT NA DANMHAIRGE,

POBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

POBLACHT NA hEASTÓINE,

ÉIRE,

AN PHOBLACHT HEILLÉANACH,

RÍOCHT NA SPÁINNE,

POBLACHT NA FRAINCE,

POBLACHT NA CRÓITE,

PUBLIC

POBLACHT NA hIODÁILE,

POBLACHT NA CIPIRE,

POBLACHT NA LAITVIA,

POBLACHT NA LIOTUÁINE,

ARD-DIÚCACHT LUCSAMBURG,

AN UNGÁIR,

MÁLTA,

RÍOCHT NA hÍSILTÍRE,

POBLACHT NA hOSTAIRE,

POBLACHT NA POLAINNE,

POBLACHT NA PORTAINGÉILE,

AN RÓMÁIN,

POBLACHT NA SLÓIVÉINE,

PUBLIC

POBLACHT NA SLÓVAICE,

POBLACHT NA FIONLAINNE,

RÍOCHT NA SUALAINNE,

RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN,

Páirtithe Conarthacha sa Chonradh ar an Aontas Eorpach agus sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, dá ngairtear 'Ballstáit an Aontais Eorpaigh' anseo feasta, de pháirt,

agus

CÓNAIDHM NA hEILVÉISE, dá ngairtear 'an Eilvéis' anseo feasta, den pháirt eile,
dá ngairtear 'Páirtí' nó 'Páirtithe' anseo feasta,

I bhFIANAISE an leasa choitinn a bhaineann le córas um loingseoireacht satailíte dhomhanda (dá ngairtear 'GNSS' anseo feasta) a fhorbairt, agus é á dhearadh go sonrach chun críoch sibhialta,

AG AITHINT DÓIBH a thábhachtaí atá na cláir Eorpacha um GNSS mar rannchuidiú le bonneagar loingseoireachta agus faisnéise san Aontas Eorpach agus san Eilvéis,

PUBLIC

I bhFIANAISE go bhfuil níos mó agus níos mó feidhmchlár um GNSS á bhforbairt san Aontas Eorpach, san Eilvéis agus i limistéir eile ar domhan,

I bhFIANAISE an leasa choitinn a bhaineann leis an gcomhar fadtéarmach idir an tAontas Eorpach, a Bhallstáit agus an Eilvéis i réimse na loingseoireachta satailíte,

AGUS dlúth-rannpháirtíocht na hEilvéise sa chlár Galileo agus sa chlár EGNOS ó chéim an tsainithe Á hAITHINT ACU,

I bhFIANAISE na rún ón gComhairle Spáis, go háirithe an rún maidir leis an mBeartas Eorpach Spáis a glacadh an 22 Bealtaine 2007 agus maidir leis an mBeartas Eorpach Spáis a thabhairt chun tosaigh a glacadh an 29 Meán Fómhair 2008, rúin ina dtugtar aitheantas don Aontas Eorpach, don Ghníomhaireacht Eorpach Spáis (dá ngairfear 'GES' anseo feasta) agus dá mBallstáit faoi seach mar thrí phríomhghníomhaí an Bheartais Eorpaigh Spáis, agus maidir le Dúshláin dhomhanda: an leas iomlán a bhaint as Córais Spáis Eorpacha a glacadh an 25 Samhain 2010, ina n-iarrtar ar an gCoimisiún Eorpach agus ar GES an próiseas a éascú do na Ballstáit sin nach baill den Aontas Eorpach ná de GES araon iad páirt a ghlacadh i ngach céim de na cláir chomhoibríocha,

I bhFIANAISE na teachtaireachta ón gCoimisiún dar teideal 'I dtreo straitéis spáis don Aontas Eorpach a rachaidh chun tairbhe a gcuid saoránach', a glacadh an 4 Aibreán 2011,

ÓS MIAN LEO comhar a bhunú go foirmiúil i ngach gné de na cláir Eorpacha um GNSS,

PUBLIC

AGUS leas na hEilvéise i seirbhísí uile GNSS, arna soláthar ag EGNOS agus Galileo, lena n-áirítear an tSeirbhís Phoiblí Rialáilte (dá ngairtear 'SPR' anseo feasta) Á AITHINT ACU,

AG FÉACHAINT do Chomhaontú an 25 Meitheamh 2007 maidir le comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile,

AGUS Comhaontú an 28 Aibreán 2008 idir Cónaidhm na hEilvéise agus an tAontas Eorpach maidir leis na nósanna imeachta slándála um malartú faisnéise rúnaicmithe (dá ngairtear 'Comhaontú Slándála' anseo feasta) Á AITHINT ACU,

AGUS na tairbhí a bhaineann le leibhéal coibhéiseach cosanta don leagan Eorpach de GNSS agus dá seirbhísí i gcríocha na bPáirtithe Á nAITHINT ACU,

I bhFIANAISE oibleagáidí na bPáirtithe faoin dlí idirnáisiúnta, go háirithe oibleagáidí na hEilvéise mar Stát buan-neodrach,

AG AITHINT DÓIBH go leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 683/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis na cláir Eorpacha um loingseoireacht satailíte (EGNOS agus Galileo)[1] a chur chun feidhme tuilleadh gurb é an Comhphobal Eorpach a bheidh ina úinéir ar gach sócmhainn inláimhsithe agus dholáimhsithe a chruthófar nó a fhorbrófar faoi na cláir Eorpacha um GNSS mar a shainítear sa Rialachán sin iad,

1 IOAE L 196, 24.7.2008, lch. 1.



PUBLIC

AG FÉACHAINT do Rialachán (AE) Uimh. 912/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach GNSS[1],

I bhFIANAISE Chinneadh Uimh. 1104/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir leis na rialacha le haghaidh rochtain ar an tseirbhís phoiblí rialáilte arna soláthar ag an gcóras domhanda um loingseoireacht satailíte a bunaíodh faoi chlár Galileo[2],

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

---

[1] IOAE L 276, 20.10.2010, lch. 11.

[2] IOAE L 287, 4.11.2011, lch. 1.



PUBLIC

CUID I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

PUBLIC

AIRTEAGAL 1

Cuspóir

1. Is é is cuspóir don Chomhaontú seo comhar fadtéarmach idir na Páirtithe a spreagadh, a éascú agus a fheabhsú maidir le loingseoireacht satailíte faoi rialú sibhialta agus go háirithe trí rannpháirtíocht na hEilvéise i gcláir Eorpacha um GNSS.

2. Is mar a leagtar síos sa Chomhaontú seo a bheidh foirm agus coinníollacha rannpháirtíocht na hEilvéise sna cláir.

AIRTEAGAL 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Chomhaontaithe seo:

1. ciallaíonn 'córais Eorpacha um loingseoireacht satailíte dhomhanda' (GNSSanna Eorpacha) na córais a bhunaítear faoin gclár Galileo agus faoi Bhreis-seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí (EGNOS);

2. ciallaíonn 'méadú' sásraí réigiúnacha nó áitiúla mar shampla EGNOS, a chuireann ar chumas úsáideoirí GNSS domhanda feidhmíocht fheabhsaithe a fháil, mar shampla méadú ar chruinneas, infhaighteacht, sláine agus iontaofacht;

3. ciallaíonn 'Galileo' córas uathrialaitheach Eorpach um loingseoireacht agus uainiú domhanda satailíte faoi rialú sibhialta, chun seirbhísí GNSS a sholáthar arna ndearadh agus arna bhforbairt ag an Aontas Eorpach, ag GES agus ag a mBallstáit faoi seach. Féadfar oibriú Galileo a aistriú chuig páirtí príobháideach. Beartaítear le Galileo seirbhísí oscailte, tráchtála, sábháilteachta beatha agus cuardaigh agus tarrthála mar aon le seirbhís phoiblí rialáilte shlán ar a bhfuil rochtain theoranta agus atá ceaptha go sonrach chun freastal ar riachtanais úsáideoirí údaraithe na hearnála poiblí;

4. Ciallaíonn 'eilimintí áitiúla de chuid Galileo' sásraí áitiúla lena gcuirtear faisnéis ionchuir ar fáil d'úsáideoirí loingseoireachta agus comharthaí uainiúcháin satailítbhunaithe de chuid Galileo, sa bhreis ar an bhfaisnéis a dhíorthaítear ón bpríomh-chnuasach atá in úsáid. Féadfar eilimintí áitiúla a úsáid le haghaidh feidhmíocht bhreise timpeall aerfort agus calafort agus i dtimpeallachtaí uirbeacha nó i dtimpeallachtaí eile atá dúshlánach ó thaobh na geografaíochta de. Soláthróidh Galileo samhlacha cineálacha le haghaidh eilimintí áitiúla;

5. ciallaíonn 'trealamh loingseoireachta, suite agus uainiúcháin dhomhanda' aon trealamh de chuid úsáideora deiridh shibhialta a dheartar chun comharthaí loingseoireachta nó uainiúcháin satailítbhunaithe a tharchur, a ghlacadh nó a phróiseáil chun seirbhís a sholáthar, nó chun oibriú le méadú réigiúnach;

6. ciallaíonn 'Seirbhís Phoiblí Rialáilte' (PRS) seirbhís a sholáthraíonn an córas arna bhunú faoin gclár Galileo agus atá teoranta d'úsáideoirí atá údaraithe ag an rialtas i gcomhair feidhmchláir íogaire a dteastaíonn rialú éifeachtach rochtana agus ardleibhéal leanúnachais seirbhíse lena n-aghaidh;

PUBLIC

7. ciallaíonn 'beart rialála' aon dlí, rialachán, beartas, riail, nós imeachta, cinneadh nó gníomh riaracháin comhchosúil arna dhéanamh ag Páirtí;

8. ciallaíonn 'idir-inoibritheacht' a bheith in ann na córais dhomhanda agus réigiúnacha um loingseoireacht satailíte, na méaduithe, agus na seirbhísí a sholáthraíonn siad, a úsáid le chéile chun cumais níos fearr a chur ar fáil ar leibhéal an úsáideora ná mar a bhainfí amach trí bheith ag brath ar sheirbhís oscailte de chuid córais amháin;

9. Ciallaíonn 'maoin intleachtúil' maoin intleachtúil mar a shainmhínítear é in Airteagal 2 (viii) den Choinbhinsiún lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil a síníodh i Stócólm an 14 Iúil 1967;

10. ciallaíonn 'faisnéis rúnaicmithe' faisnéis, i bhfoirm ar bith, ar gá í a chosaint ar nochtadh neamhúdaraithe, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh, ar leibhéil éagsúla, do leasanna fíor-riachtanacha na bPáirtithe nó na mBallstát aonair, lena n-áirítear an tslándáil náisiúnta. Is le marcáil aicmiúcháin a léirítear an t-aicmiú atá aige. Aicmíonn na Páirtithe an fhaisnéis sin i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme agus ní mór í a chosaint ar aon chaillteanas rúndachta, sláine agus infhaighteachta.

PUBLIC

AIRTEAGAL 3

Prionsabail an chomhair

Cuirfidh na Páirtithe na prionsabail seo a leanas i bhfeidhm maidir le gníomhaíochtaí comhair a chumhdaítear leis an gComhaontú seo:

1. Sochar frithpháirteach bunaithe ar chothromaíocht fhoriomlán idir cearta agus oibleagáidí lena n-áirítear ranníocaíochtaí agus rochtain ar gach seirbhís i gcomhréir le hAirteagal 15;

2. Deiseanna cómhalartacha chun dul i mbun gníomhaíochtaí comhair san Aontas Eorpach agus i dtionscadail na hEilvéise um GNSS;

3. Malartú tráthúil faisnéise a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do ghníomhaíochtaí comhair;

4. Cearta maoine intleachtúla dá dtagraítear in Airteagal 9 a chosaint go leordhóthanach agus go héifeachtach;

5. Saoirse chun seirbhísí loingseoireachta satailíte a sholáthar i gcríocha na bPáirtithe;

6. Trádáil neamhshrianta in earraí Eorpacha i réimse GNSS i gcríocha na bPáirtithe.

PUBLIC

## CUID II
## FÓRALACHA MAIDIR LE COMHAR

PUBLIC

### AIRTEAGAL 4

### Gníomhaíochtaí comhair

1. Is iad seo a leanas na hearnálacha a bheidh i gceist le gníomhaíochtaí comhair maidir le loingseoireacht agus uainiú satailíte: radaspeictream, taighde agus oiliúint eolaíoch, soláthar, comhar tionsclaíoch, cearta maoine intleachtúla, rialú onnmhairiúcháin, trádáil agus forbairt margaidh, caighdeáin, bearta deimhniúcháin agus rialála, slándáil, malartú faisnéise rúnaicmithe, malartuithe foirne agus rochtain ar sheirbhísí. Féadfaidh na Páirtithe an liosta earnálacha sin a leasú i gcomhréir le hAirteagal 25.

2. Ní dhéanfaidh an Comhaontú seo difear do neamhspleáchas institiúideach an Aontais Eorpaigh chun rialáil a dhéanamh ar na cláir Eorpacha um GNSS ná ar an struchtúr a bhunaigh an tAontas Eorpach chun críocha oibríochtaí na gclár Eorpach um GNSS. Ná ní dhéanfaidh an Comhaontú seo difear do na bearta rialála is infheidhme lena gcuirtear chun feidhme gealltanais maidir le neamhleathadh, rialú onnmhairiúcháin, rialuithe ar aistrithe teicneolaíochta doláimhsithe. Ná ní dhéanfaidh sé difear do bhearta slándála náisiúnta.

3. Faoi réir a mbeart rialála is infheidhme, cothóidh na Páirtithe, a mhéid is féidir go praiticiúil, na gníomhaíochtaí comhair faoin gComhaontú seo d'fhonn deiseanna inchomparáide a sholáthar le haghaidh rannpháirtíocht ina ngníomhaíochtaí sna hearnálacha a liostaítear faoi mhír 1.

AIRTEAGAL 5

Speictream raidió

1. Leanfaidh na Páirtithe den chomhar agus den tacaíocht fhrithpháirteach maidir le saincheisteanna speictrim raidió faoi chuimsiú an Aontais Idirnáisiúnta Teileachumarsáide (dá ngairtear 'ITU' anseo feasta), agus an Meabhrán Tuisceana an 5 Samhain 2004 maidir le bainistiú comhduithe ITU a bhaineann le córas seirbhísí satailíte radaloingseoireachta Galileo á chur san áireamh.

2. Malartóidh na Páirtithe faisnéis maidir le comhduithe i ndáil le minicíochtaí agus cosnóidh siad leithdháiltí minicíochtaí leordhóthanacha le haghaidh Galileo chun a áirithiú go mbeidh seirbhísí Galileo ar fáil chun tairbhe úsáideoirí ar fud an domhain agus go háirithe san Eilvéis agus san Aontas Eorpach.

3. Chun speictream loingseoireachta raidió a chosaint ar chur isteach agus ar thrasnaíocht, sainaithneoidh na Páirtithe foinsí trasnaíochta agus lorgóidh siad réitigh a bheidh inghlactha go frithpháirteach chun an trasnaíocht sin a chomhrac.

4. Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo chun maolú ar fhorálacha infheidhme ITU, lena n-áirítear Rialacháin Raidió ITU.

AIRTEAGAL 6

Taighde agus oiliúint eolaíoch

1. Déanfaidh na Páirtithe gníomhaíochtaí comhpháirteacha taighde agus oiliúna i réimse na gcóras Eorpach um loingseoireacht satailíte dhomhanda a chur chun cinn trí chláir thaighde de chuid an Aontais Eorpaigh agus na hEilvéise agus trí chláir thaighde ábhartha eile de chuid na bPáirtithe. Cuirfidh na gníomhaíochtaí comhpháirteacha taighde le pleanáil na bhforbairtí a dhéanfar amach anseo ar na córais Eorpacha um loingseoireacht satailíte dhomhanda.

2. Saineoidh na Páirtithe an sásra iomchuí arb é is aidhm dó a áirithiú go ndéanfaí na teagmhálacha éifeachtacha agus an rannpháirtíocht éifeachtach sna cláir thaighde ábhartha.

AIRTEAGAL 7

Soláthar

1. Maidir le héadálacha a bhaineann leis na cláir Eorpacha um GNSS, cuirfidh na Páirtithe a ngealltanais i bhfeidhm faoi Chomhaontú maidir le Soláthar Rialtais (dá ngairtear 'CSR' anseo feasta) na hEagraíochta Domhanda Trádála (dá ngairtear 'EDT' anseo feasta) agus faoi Chomhaontú an 21 Meitheamh 1999 idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le gnéithe áirithe de sholáthar rialtais.



PUBLIC

2. Gan dochar d'Airteagal XXIII de CSR (Airteagal III den CSR athbhreithnithe), beidh sé de cheart ag eintitis na hEilvéise a bheith rannpháirteach sa soláthar maidir le seirbhísí a bhaineann le cláir Eorpacha um GNSS a sholáthar.

PUBLIC

AIRTEAGAL 8

Comhar tionsclaíoch

Spreagfaidh na Páirtithe an comhar idir a dtionscail agus tacóidh siad leis an gcomhar sin, lena n-áirítear trí bhíthin comhfhiontar agus trí rannpháirtíocht na hEilvéise i gcomhlachais thionsclaíocha Eorpacha ábhartha, chomh maith le rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh i gcomhlachais thionsclaíocha ábhartha na hEilvéise, arb é is cuspóir dó dea-fheidhmiú na gcóras Eorpach um loingseoireacht satailíte mar aon le húsáid agus forbairt fheidhmchláir agus sheirbhísí Galileo a chur chun cinn.

AIRTEAGAL 9

Cearta maoine intleachtúla

Chun comhar tionsclaíoch a éascú, deonóidh na Páirtithe agus áiritheoidh siad cosaint leordhóthanach éifeachtach do chearta maoine intleachtúla sna réimsí agus sna hearnálacha atá ábhartha d'fhorbairt agus d'oibriú GNSS Eorpach, i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is airde mar a leagtar síos sa Chomhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil de chuid EDT, lena n-áirítear modhanna éifeachtacha chun na caighdeáin sin a fhorfheidhmiú.

AIRTEAGAL 10

Rialú onnmhairí

1. Chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm beartas aonfhoirmeach maidir le rialú onnmhairí agus maidir le neamhleathadh a bhaineann le cláir Eorpacha um GNSS idir na Páirtithe, déanfaidh an Eilvéis, laistigh dá dlínse agus i gcomhréir lena reachtaíocht agus nósanna imeachta náisiúnta, bearta maidir le rialú onnmhairí agus neamhleathadh teicneolaíochtaí, sonraí agus earraí atá saindeartha nó sainmhodhnaithe le haghaidh cláir Eorpacha um GNSS a ghlacadh agus a fhorfheidhmiú go tráthúil. Leis na bearta sin, soláthrófar leibhéal rialaithe onnmhairí agus neamhleata atá coibhéiseach leis an leibhéal atá i bhfeidhm san Aontas Eorpach.

2. I gcás ina dtarlaíonn teagmhas nuair nach féidir an leibhéal coibhéiseach rialaithe onnmhairí agus neamhleata dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a bhaint amach, beidh feidhm ag nós imeachta Airteagal 22.

AIRTEAGAL 11

Trádáil agus forbairt margaidh

1. Spreagfaidh na Páirtithe trádáil agus infheistíocht i mbonneagar loingseoireachta satailíte an Aontais Eorpaigh agus na hEilvéise agus i dtrealamh loingseoireachta, suite agus uainiúcháin dhomhanda, lena n-áirítear eilimintí áitiúla agus feidhmchláir de chuid Galileo atá ábhartha do chláir Eorpacha um GNSS.

PUBLIC

2. Chun críocha mhír 1, ardóidh na Páirtithe leibhéal feasachta an phobail maidir le gníomhaíochtaí loingseoireachta satailíte Galileo, sainaithneoidh siad bacainní féideartha ar fhás i bhfeidhmchláir GNSS agus déanfaidh siad bearta iomchuí chun an fás sin a éascú.

3. Chun riachtanais úsáideoirí a shainaithint agus freagairt go héifeachtach orthu, féadfaidh eintitis na bPáirtithe Fóram Úsáideoirí GNSS a úsáid, ar fóram é a bhunófar amach anseo.

4. Ní dhéanfaidh an Comhaontú seo difear do chearta ná d'oibleagáidí na bPáirtithe faoin gComhaontú lena mbunaítear EDT.

PUBLIC

AIRTEAGAL 12

Caighdeáin, deimhniú agus bearta rialála

1. Agus aitheantas á thabhairt ag na Páirtithe don luach a bhaineann le cineálacha cur chuige a chomhordú i bhfóraim idirnáisiúnta um chaighdeánú agus um dheimhniú a bhaineann le seirbhísí domhanda um loingseoireacht satailíte, tacóidh siad, go háirithe, go comhpháirteach le forbairt chaighdeáin Galileo agus EGNOS agus cuirfidh siad a gcur i bhfeidhm chun cinn ar fud an domhain, agus béim á leagan acu ar idir-inoibritheacht le GNSSanna eile.

Cuspóir amháin a bhainfidh leis an gcomhordú sin is ea úsáid leathan agus nuálach sheirbhísí Galileo a chur chun cinn chun críoch oscailte, tráchtála agus sábháilteachta beatha mar chaighdeán domhanda loingseoireachta agus uainiúcháin. Cruthóidh na Páirtithe dálaí fabhracha chun feidhmchláir Galileo a fhorbairt.

2. Chun cuspóirí an Chomhaontaithe seo a chur chun cinn agus a chur chun feidhme, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar, de réir mar is iomchuí, maidir le gach ábhar GNSS a thiocfaidh chun cinn go háirithe san Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta, san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta agus in ITU.

3. Áiritheoidh na Páirtithe nach bacainní neamhriachtanacha ar thrádáil iad na bearta a bhaineann le caighdeáin theicniúla, ceanglais deimhniúcháin agus cheadúnúcháin agus nósanna imeachta a bhaineann le GNSSanna Eorpacha. Beidh na ceanglais intíre bunaithe ar chritéir thrédhearcacha atá oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach agus réamhbhunaithe.

4. Déanfaidh na Páirtithe na bearta rialála is gá chun úsáid iomlán ghlacadóirí Galileo, deighleog talún agus spáis sna críocha atá faoina ndlínse a cheadú. I ndáil leis sin, déanfaidh an Eilvéis, sa chríoch atá faoina dlínse, cóireáil a dheonú do Galileo nach lú a fabhar ná an chóireáil a thugtar d'aon chórais seirbhísí satailíte radaloingseoireachta eile dá samhail.

AIRTEAGAL 13

Slándáil

1. D'fhonn cláir Eorpacha um GNSS a chosaint ar bhagairtí mar shampla mí-úsáid, trasnaíocht, cur isteach agus gníomhartha naimhdeacha, déanfaidh na Páirtithe gach beart is féidir chun leanúnachas, sábháilteacht agus slándáil na seirbhísí um loingseoireacht satailíte agus an bhonneagair ghaolmhair agus na sócmhainní criticiúla ina gcríocha a áirithiú gan dochar d'Airteagal 4(2).

PUBLIC

2. Chun críocha mhír 1, déanfaidh an Eilvéis bearta a ghlacadh agus a fhorfheidhmiú go tráthúil, laistigh dá dlínse agus i gcomhréir lena reachtaíocht agus lena nósanna imeachta náisiúnta, ar bearta iad lena soláthrófar leibhéal slándála agus sábháilteachta atá coibhéiseach leis na bearta is infheidhme san Aontas Eorpach a mhéid a bhaineann le sócmhainní íogaire, faisnéis agus teicneolaíochtaí na gclár Eorpach um GNSS a chosaint, a rialú agus a bhainistiú i gcoinne bagairtí agus nochtadh neamh-inmhianaithe.

3. I gcás ina dtarlaíonn teagmhas nuair nach féidir an leibhéal coibhéiseach slándála agus sábháilteachta dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a bhaint amach, beidh feidhm ag nós imeachta Airteagal 22.

AIRTEAGAL 14

Faisnéis rúnaicmithe a mhalartú

1. Beidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh i gcomhréir leis an gComhaontú Slándála chomh maith le Socruithe Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Slándála.

2. Féadfaidh an Eilvéis faisnéis rúnaicmithe a mhalartú le marcáil aicmiúcháin náisiúnta ar chláir Eorpacha um GNSS leis na Ballstáit sin a bhfuil comhaontuithe déthaobhacha chuige sin tugtha i gcrích aici leo.

3. Féachfaidh na Páirtithe le creat dlíthiúil cuimsitheach comhleanúnach a bhunú lena bhféadfar faisnéis rúnaicmithe a bhaineann le clár Galileo a mhalartú idir na Páirtithe uile.

PUBLIC

## AIRTEAGAL 15

### Rochtain ar sheirbhísí

Beidh rochtain ag an Eilvéis ar sheirbhísí uile Eorpacha um GNSS faoi réir an Chomhaontaithe seo agus ar PRS faoi réir Chomhaontú PRS ar leith.

Léirigh an Eilvéis spéis i PRS agus measann sí gur gné thábhachtach í dá rannpháirtíocht sna cláir Eorpacha um GNSS. Féachfaidh na Páirtithe le Comhaontú PRS a thabhairt i gcrích chun rannpháirtíocht PRS na hEilvéise a áirithiú a luaithe a chuirfidh an Eilvéis iarraidh isteach ina leith sin agus a luaithe a bheidh an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh curtha i gcrích.

## AIRTEAGAL 16

### Rannpháirtíocht sa Ghníomhaireacht Eorpach GNSS

Beidh sé de cheart ag an Eilvéis a bheith rannpháirteach sa Ghníomhaireacht Eorpach GNSS faoi na coinníollacha atá le leagan síos i gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis. Cuirfear tús leis an gcaibidlíocht sin a luaithe a dhéanfaidh an Eilvéis iarraidh chuige sin a thíolacadh agus a luaithe a bheidh na nósanna imeachta is gá ar thaobh an Aontais Eorpaigh tugtha chun críche.

PUBLIC

## AIRTEAGAL 17

### Rannpháirtíocht sna Coistí

Tabharfar cuireadh d'ionadaithe na hEilvéise páirt a ghlacadh mar bhreathnóirí sna coistí arna mbunú chun na gníomhaíochtaí faoi na cláir Eorpacha um GNSS a bhainistiú, a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta ábhartha agus gan ceart vótála acu. Áireofar leis sin, go háirithe, rannpháirtíocht i gCoiste an Chláir um GNSS agus i mBord Slándála GNSS, lena n-áirítear a meithleacha agus a dtascfhórsaí.

## CUID III
## FORÁLACHA AIRGEADAIS

## AIRTEAGAL 18

### Cistiú

Rannchuideoidh an Eilvéis le cistiú na gclár Eorpach um GNSS. Ríomhfar ranníocaíocht na hEilvéise ar bhonn an fhachtóra comhréireachta a fhaightear tríd an gcóimheas a shuí idir olltáirgeacht intíre na hEilvéise, ag praghsanna an mhargaidh, agus suim olltáirgeachtaí intíre na mBallstát, ag praghsanna an mhargaidh.



PUBLIC

Don tréimhse ó 2008 go dtí 2013, is ionann ranníocaíocht na hEilvéise leis na cláir Eorpacha GNSS agus EUR 80 050 870.

Íocfar an méid sin mar seo a leanas:
2013: EUR 60 000 000
2014: EUR 20 050 870

Íocfar ranníocaíocht na hEilvéise go bliantúil don tréimhse 2014 agus ina dhiaidh sin.

PUBLIC

CUID IV
FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

AIRTEAGAL 19

Dliteanas

Ós rud é nach mbeidh an Eilvéis ina húinéir ar GNSS Eorpach, ní bheidh aon dliteanas uirthi mar thoradh ar úinéireacht.

AIRTEAGAL 20

Comhchoiste

1. Bunaítear leis seo Comhchoiste ar a dtugtar ‘Coiste GNSS an Aontais Eorpaigh/na hEilvéise’. Beidh ionadaithe ó na Páirtithe ar an gcoiste sin agus beidh sé freagrach as bainistiú agus cur i bhfeidhm cuí an Chomhaontaithe seo. Chuige sin, tarraingeoidh sé suas moltaí. Déanfaidh sé cinntí sna cásanna dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo; déanfaidh na Páirtithe na cinntí sin i gcomhréir lena rialacha féin. Tiocfaidh an Comhchoiste ar a chuid cinntí de chomhthoil.

2. Bunóidh an Comhchoiste a rialacha nós imeachta, ina mbeidh, *inter alia*, forálacha maidir le cruinnithe a thionól, an cathaoirleach a cheapadh agus téarma oifige an chathaoirligh.

3. Tiocfaidh an Comhchoiste le chéile de réir mar is gá agus nuair is gá. Féadfaidh an tAontas Eorpach nó an Eilvéis a iarraidh go dtionólfaí cruinniú. Tiocfaidh an Comhchoiste le chéile laistigh de 15 lá tar éis iarraidh a fháil faoi Airteagal 22(2).

4. Féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh na meithleacha nó na grúpaí saineolaithe sin a bhunú de réir mar is cuí leis chun cabhrú leis a chúraimí a chur i gcrích.

5. Féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh Iarscríbhinn I a leasú.

PUBLIC

AIRTEAGAL 21

Comhairliúcháin

1. Chun a áirithiú go gcuirfear an Comhaontú seo chun feidhme ar bhealach sásúil, malartóidh na Páirtithe faisnéis ar bhonn rialta agus, arna iarraidh sin do cheann amháin acu, reáchtálfaidh siad comhairliúcháin sa Chomhchoiste.

2. Rachaidh na Páirtithe i mbun comhairliúchán lena chéile go pras, arna iarraidh sin do cheann amháin acu, maidir le haon cheist a eascraíonn as léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 22

Bearta coimirce

1. Féadfaidh gach Páirtí, tar éis dul i gcomhairle leis an gComhchoiste, bearta coimirce iomchuí a dhéanamh, lena n-áirítear gníomhaíocht chomhair amháin nó roinnt gníomhaíochtaí comhair a chur ar fionraí, má chinneann sé nach bhfuil leibhéal coibhéiseach rialaithe onnmhairiúcháin ná slándála áirithithe a thuilleadh idir na Páirtithe. I gcás ina bhféadfadh aon mhoill dea-fheidhmiú GNSSanna a chur i mbaol, féadfar bearta cosanta sealadacha a ghlacadh, gan réamhchomhairliúchán, ar choinníoll go dtionólfar na comhairliúcháin láithreach tar éis a nglactha.

PUBLIC

2. Beidh raon feidhme agus fad na mbeart dá dtagraítear i mír 1 teoranta don mhéid is gá chun an cás a leigheas agus chun cothromaíocht chóir idir cearta agus oibleagáidí a áirithiú faoin gComhaontú seo. Féadfaidh an Páirtí eile a iarraidh ar an gComhchoiste comhairliúcháin a reáchtáil maidir le comhréireacht na mbeart sin. Mura féidir an díospóid sin a réiteach laistigh de 6 mhí, féadfaidh ceachtar Páirtí an díospóid a thíolacadh le haghaidh eadráin cheangailteach i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Iarscríbhinn I. Ní fhéadfar aon cheist maidir le léirmhíniú fhorálacha an Chomhaontaithe seo atá comhionann le forálacha comhfhreagracha dhlí an Aontais Eorpaigh a réiteach laistigh den chreat sin.

PUBLIC

AIRTEAGAL 23

Réiteach díospóidí

Gan dochar d'Airteagal 22, déanfar aon díospóid a bhaineann le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a réiteach trí chomhairliúchán sa Chomhchoiste.

AIRTEAGAL 24

Iarscríbhinní

Is cuid dhílis den Chomhaontú seo iad na hIarscríbhinní a ghabhfaidh leis.

AIRTEAGAL 25

Athbhreithniú

Féadfar an Comhaontú seo a leasú agus a fhorbairt tráth ar bith trí chomhaontú frithpháirteach idir na Páirtithe.

AIRTEAGAL 26

Foirceannadh

1. Féadfaidh an tAontas Eorpach nó an Eilvéis an Comhaontú seo a fhoirceannadh trí fhógra a thabhairt don Pháirtí eile. Scoirfidh an Comhaontú d'fheidhm a bheith aige 6 mhí tar éis don fhógra sin a bheith faighte ag an bPáirtí.

2. Ní dhéanfaidh foirceannadh an Chomhaontaithe seo difear do bhailíocht ná d'fhad aon socruithe a dhéantar faoi ná d'aon chearta ná oibleagáidí sonracha a fabhraíodh i réimse na maoine intleachtúla.

3. I gcás ina ndéanfar an Comhaontú seo a fhoirceannadh, déanfaidh an Comhchoiste togra chun a chur ar chumas na bPáirtithe aon cheist atá fós gan réiteach a shocrú, lena n-áirítear iarmhairtí airgeadais, agus an prionsabal *pro rata temporis* á chur san áireamh.

PUBLIC

## AIRTEAGAL 27

### Teacht i bhfeidhm

1. Déanfaidh na Páirtithe an Comhaontú seo a fhormheas i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha féin. Tiocfaidh sé i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis dháta an fhógra dheireanaigh formheasa.

2. D'ainneoin mhír 1, comhaontaíonn an Eilvéis agus an tAontas Eorpach, a mhéid a bhaineann le gnéithe den Chomhaontú seo a thagann faoi inniúlacht an Aontais Eorpaigh, é a chur i bhfeidhm go sealadach ón gcéad lá den mhí tar éis dháta an dara fógra lena ndearbhaítear gur cuireadh i gcrích na nósanna imeachta is gá chun na críche sin.

Le linn chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo, beidh an Comhchoiste dá dtagraítear in Airteagal 20 comhdhéanta d'ionadaithe ón Eilvéis agus ón Aontas Eorpach.

3. Tugtar an Comhaontú seo i gcrích go ceann tréimhse éiginnte.

4. Tarraingeofar an Comhaontú seo suas i ndúblach sna teangacha seo a leanas: Béarla, Bulgáiris, Cróitis, Danmhairgis, Eastóinis, Fionlainnis, Fraincis, Gaeilge, Gearmáinis, Gréigis, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Ollainnis, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Seicis, Slóivéinis, Slóvaicis, Spáinnis, Sualainnis, Ungáiris, agus barántúlacht ag gach téacs díobh.

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN I**

PUBLIC

NÓS IMEACHTA EADRÁNA

Má chuirtear díospóid chun eadrána beidh triúr eadránaithe ann, mura gcinnfidh na Páirtithe rud eile a dhéanamh.

Ceapfaidh gach Páirtí eadránaí amháin laistigh de 30 lá.

Déanfaidh an bheirt eadránaithe a cheapfar ar an dóigh sin moltóir amháin a ainmniú de thoil a chéile nach náisiúnach de cheachtar Páirtí é. Mura féidir leo teacht ar chomhaontú laistigh de 2 mhí tar éis a gceaptha, roghnóidh siad an moltóir as seachtar a bheidh ar liosta arna bhunú ag an gComhchoiste. Déanfaidh an Comhchoiste an liosta sin a tharraingt suas agus a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir lena rialacha nós imeachta.

Mura gcinnfidh na Páirtithe a mhalairt, glacfaidh an binse eadrána a rialacha nós imeachta. Déanfaidh sé a chuid cinntí trí vótáil trí thromlach.

**IARSCRÍBHINN II**

RANNÍOCAÍOCHT AIRGEADAIS NA hEILVÉISE
LEIS NA CLÁIR EORPACHA GNSS

1. Don tréimhse ó 2008 go dtí 2013, is mar seo a leanas (in euro) a bheidh an ranníocaíocht airgeadais atá le déanamh ag an Eilvéis le buiséad an Aontais Eorpaigh chun bheith rannpháirteach sna cláir Eorpacha um GNSS:

| 2013 | 2014 |
|---|---|
| 60 000 000 | 20 050 870 |

Íocfar ranníocaíocht na hEilvéise go bliantúil don tréimhse 2014 agus ina dhiaidh sin.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais[4] agus ag a rialacha cur i bhfeidhm[5], go háirithe, maidir le bainistiú ranníocaíocht na hEilvéise.

3. Aisíocfaidh an Coimisiún speansais taistil agus chothaithe ionadaithe agus saineolaithe ón Eilvéis i ndáil lena rannpháirtíocht i gcruinnithe arna n-eagrú ag an gCoimisiún i gcomhar le cur chun feidhme na gclár ar an mbonn céanna agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá i bhfeidhm faoi láthair le haghaidh saineolaithe ó na Ballstáit.

---

4 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle (IOAE L 298 an 26.10.2012, lch. 1).

5 Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1268/2012 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2012 maidir le rialacha cur i bhfeidhm rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais (IOAE L 362 an 31.12.2012, lch. 1).



PUBLIC

4. Eiseoidh an Coimisiún iarrataí chuig an Eilvéis ar chistí a chomhfhreagraíonn dá ranníocaíocht leis an mbuiséad le haghaidh na gclár, i gcomhréir leis an gComhaontú seo.

Sloinnfear an ranníocaíocht sin in euro agus íocfar í isteach i gcuntas bainc euro atá i seilbh an Choimisiúin.

5. Is mar seo a leanas a bheidh na coinníollacha íocaíochta:

(a) In 2013, mar thoradh ar chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo, íocfaidh an Eilvéis a ranníocaíocht tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis an iarraidh ar chistí a fháil.

(b) In 2014, íocfaidh an Eilvéis a ranníocaíocht (don tréimhse ó 2008 go dtí 2013 agus do 2014 araon) tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis an iarraidh ar chistí a fháil. Ní eiseofar an iarraidh sin ar chistí roimh an 1 Iúil.

(c) In 2015 agus sna blianta ina dhiaidh sin, íocfaidh an Eilvéis a ranníocaíocht faoin 1 Aibreán, má fhaigheann an Eilvéis an iarraidh ar chistí faoin 1 Márta. Íocfar iarraidh ar chistí a gheobhaidh an Eilvéis tar éis an 1 Márta tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis í a fháil.

Má bhíonn aon mhoill ar íocaíocht na ranníocaíochta íocfaidh an Eilvéis ús ar an méid gan íoc ón dáta dlite. Is é a bheidh sa ráta úis an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach ar a phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, arna fhoilsiú i sraith C de *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ráta a bheidh i bhfeidhm ar an gcéad lá féilire den mhí ina dtiteann an sprioc-am, méadaithe 3.5 pointe céatadáin.

________________________

PUBLIC